Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

2023/0113(COD)

11.9.2023

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe den íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe
(COM(2023)0229 – C9-0134/2023 – 2023/0113(COD))

An Coiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta

Rapóirtéir: Jonás Fernández

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú le dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le gnéithe áirithe den íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe (COM(2023)0229 – C9-0134/2023 – 2023/0113(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2023)0229),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0134/2023),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ón mBanc Ceannais Eorpach an 5 Iúil 2023[1],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 13 Iúil 2023[2],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eacnamaíochta agus Airgeadaíochta (A9-0000/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

1 IO C 307, 31.8.2023, lch. 19.

2 Nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

Leasú 1

Togra le haghaidh treorach
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Le Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] agus le Rialachán (AE) 2019/877 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], leasaíodh an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe ('ICDI') a leagtar amach i dTreoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle [18]agus*** i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], íoscheanglas is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (institiúidí) atá bunaithe san Aontas mar aon le haon eintiteas eile a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/59/AE nó Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 (eintitis). I gcás ICDI is infheidhme maidir le hinstitiúidí agus eintitis ar fochuideachtaí d'eintitis réitigh iad ach nach eintitis réitigh iad féin, foráiltear leis na leasuithe sin go bhféadfaidh na heintitis sin ICDI inmheánach a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as ionstraimí arna n-eisiúint don eintiteas réitigh agus arna gceannach aige go díreach nó go hindíreach trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna.	(1) Le Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[16] agus le Rialachán (AE) 2019/877 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[17], leasaíodh an t-íoscheanglas le haghaidh cistí dílse agus dliteanais incháilithe ('ICDI') a leagtar amach i dTreoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón ***gComhairle[18] agus*** i Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], íoscheanglas is infheidhme maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (institiúidí) atá bunaithe san Aontas mar aon le haon eintiteas eile a thagann faoi raon feidhme Threoir 2014/59/AE nó Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 (eintitis). I gcás ICDI is infheidhme maidir le hinstitiúidí agus eintitis ar fochuideachtaí d'eintitis réitigh iad ach nach eintitis réitigh iad féin, foráiltear leis na leasuithe sin go bhféadfaidh na ***hinstitiúidí agus na*** heintitis sin ICDI inmheánach a chomhlíonadh trí úsáid a bhaint as ionstraimí arna n-eisiúint don eintiteas réitigh agus arna gceannach aige go díreach nó go hindíreach trí eintitis eile sa ghrúpa réitigh céanna.
[16] Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE ***a mhéid a bhaineann*** le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296).	[16] Treoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE ***maidir*** le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE (IO L 150, 7.6.2019, lch. 296).
[17] Rialachán (AE) 2019/877 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an	[17] Rialachán (AE) 2019/877 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (IO L 150, 7.6.2019, lch. 226).	20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 a mhéid a bhaineann le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta (IO L 150, 7.6.2019, lch. 226).
[18] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat ***um*** théarnamh agus réiteach ***na n-institiúidí*** creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).	[18] Treoir 2014/59/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena mbunaítear creat ***do*** théarnamh agus réiteach ***institiúidí*** creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Treoir 82/891/CEE ón gComhairle, agus Treoracha 2001/24/CE, 2002/47/CE, 2004/25/CE, 2005/56/CE, 2007/36/CE, 2011/35/AE, 2012/30/AE agus 2013/36/AE, agus Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010 agus (AE) Uimh. 648/2012, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 173, 12.6.2014, lch. 190).
[19] Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).	[19] Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le réiteach institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta áirithe faoi chuimsiú Sásra Réitigh Aonair agus Ciste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 (IO L 225, 30.7.2014, lch. 1).
	Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh treorach
Aithris 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) Thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú a rinne an Coimisiún go mbeadh sé iomchuí agus comhréireach i ndáil leis na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha maidir le ICDI inmheánach cead a thabhairt d'údaráis réitigh ICDI	(3) Thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú a rinne an Coimisiún go mbeadh sé iomchuí agus comhréireach i ndáil leis na cuspóirí a shaothraítear leis na rialacha maidir le ICDI inmheánach cead a thabhairt d'údaráis réitigh ICDI

inmheánach a shocrú ar bhonn comhdhlúite i gcás raon eintiteas atá níos leithne ná an raon a eascraíonn as cur i bhfeidhm Threoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, i gcás ina gcumhdaítear leis an raon níos leithne sin institiúidí agus eintitis nach eintitis réitigh iad féin, ach ar fochuideachtaí iad d'eintitis réitigh agus a rialaíonn fochuideachtaí ar a gconlán féin ***atá faoi réir ICDI*** ('eintitis idirmheánacha'). B'amhlaidh sin go háirithe i gcás na ngrúpaí baincéireachta sin a bhfuil cuideachta shealbhaíochta i gceannas orthu. I gcásanna den sórt sin, is iad na heintitis idirmheánacha a dhéanann neamhchosaintí inghrúpa a lárú go nádúrtha agus a threoraíonn na hacmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna réamhshuí ag an eintiteas réitigh. Mar gheall ar an struchtúr sin, ***bheadh*** tionchar díréireach ag na rialacha asbhainte ar eintitis idirmheánacha den sórt sin. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin go ***mbeadh*** an creat ICDI níos comhréirí trí ***eisiúintí na n-eintiteas leachtaithe a bhaint de*** raon feidhme na neamhchosaintí a cheanglaítear ar eintiteas idirmheánach a asbhaint ***de bhun an tsásra asbhainte le haghaidh suibscríobh indíreach acmhainní atá incháilithe*** i ***dtaca le ICDI inmheánach. Ní bheidh ar an eintiteas réitigh tacú le heintiteas leachtaithe i*** gcás ***teipe*** agus, ar an gcaoi sin, cuirtear deireadh leis an ngá ***aon*** sásraí aistrithe caillteanais agus caipitil a choimirciú laistigh de ghrúpaí réitigh, arbh é sin cuspóir na rialacha asbhainte a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/2036. Os a choinne sin, beidh ar an eintiteas réitigh tacú leis na heintitis eile sa ghrúpa réitigh i gcás anáis nó teipe. Ba cheart, dá bhrí sin, na hacmhainní ICDI is gá a bheith ann ar gach leibhéal den ghrúpa réitigh agus ba cheart ***a áirithiú*** go mbeidh siad ar fáil le haghaidh ionsúchán caillteanais agus athchaipitliúcháin tríd an sásra asbhainte. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid san athbhreithniú a rinne an Coimisiún gur cheart d'eintitis idirmheánacha leanúint de

inmheánach a shocrú ar bhonn comhdhlúite i gcás raon eintiteas atá níos leithne ná an raon a eascraíonn as cur i bhfeidhm Threoir 2014/59/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, i gcás ina gcumhdaítear leis an raon níos leithne sin institiúidí agus eintitis nach eintitis réitigh iad féin, ach ar fochuideachtaí iad d'eintitis réitigh agus a rialaíonn fochuideachtaí ***eile*** ar a gconlán féin ('eintitis idirmheánacha') ***laistigh den ghrúpa réitigh céanna***. B'amhlaidh sin go háirithe i gcás na ngrúpaí baincéireachta sin a bhfuil cuideachta shealbhaíochta i gceannas orthu. I gcásanna den sórt sin, is iad na heintitis idirmheánacha a dhéanann neamhchosaintí inghrúpa a lárú go nádúrtha agus a threoraíonn na hacmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna réamhshuí ag an eintiteas réitigh. Mar gheall ar an struchtúr sin, ***d'fhéadfadh*** tionchar díréireach ***a bheith*** ag na rialacha asbhainte ar eintitis idirmheánacha den sórt sin. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin go ***ndéanfadh*** an creat ICDI níos comhréirí trí ***choigeartú a dhéanamh ar na rialacha maidir le*** raon feidhme na neamhchosaintí a cheanglaítear ar eintiteas idirmheánach a asbhaint***,*** i gcás ***inar eintiteas leachtaithe nach bhfuil faoi réir chinneadh ICDI é an t-eintiteas eisiúna. Sna cásanna sin, ní mheastar go mbeidh gá le feidhmiú na gcumhachtaí díluachála*** agus ***comhshó i ndáil leis na heintitis leachtaithe sin agus***, ar an gcaoi sin, cuirtear deireadh leis an ngá ***atá leis na*** sásraí aistrithe caillteanais agus caipitil a choimirciú laistigh de ghrúpaí réitigh, arbh é sin cuspóir na rialacha asbhainte a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2022/2036. Os a choinne sin, beidh ar an eintiteas réitigh tacú leis na heintitis eile sa ghrúpa réitigh i gcás anáis nó teipe. Ba cheart, dá bhrí sin, na hacmhainní ICDI is gá a bheith ann ar gach leibhéal den ghrúpa réitigh agus ba cheart go ***n-áiritheofaí go*** mbeidh siad ar fáil le haghaidh ionsúchán caillteanais agus athchaipitliúcháin tríd an sásra asbhainte. Dá bhrí sin, thángthas ar an gconclúid san

mhéid iomlán a sealúchas d'acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna n-eisiúint ag eintitis neamhleachtaithe eile sa ghrúpa réitigh céanna a asbhaint.

athbhreithniú a rinne an Coimisiún gur cheart d'eintitis idirmheánacha leanúint de mhéid iomlán a sealúchas d'acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna n-eisiúint ag eintitis neamhleachtaithe eile sa ghrúpa réitigh céanna a asbhaint.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh treorach
Aithris 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) Chun a áirithiú nach mbeidh an deis maidir le ICDI a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite ar fáil ach amháin sna cásanna ábhartha a sainaithníodh san athbhreithniú a rinne an Coimisiún agus nach mbeidh ganntanas acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach ar fud an ghrúpa réitigh mar thoradh ***air***, ba cheart an chumhacht ICDI inmheánach a shocrú ar bhonn comhdhlúite i gcás eintitis idirmheánacha a bheith ina cumhacht lánroghnach de chuid an údaráis réitigh agus ba cheart í a bheith faoi réir coinníollacha áirithe. Ba cheart an t-eintiteas idirmheánach a bheith ar an aon ***fho-chuideachta*** dhíreach, ar institiúid nó eintiteas é, de chuid eintiteas réitigh atá ina mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais de chuid an Aontais nó ina mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais, atá bunaithe sa Bhallstát céanna agus atá ina chuid den ghrúpa réitigh céanna. De rogha air sin, ba cheart don eintiteas idirmheánach an ceanglas cistí dílse breise nó an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh ar bhonn a staide comhdhlúite. Sa dá chás sin, áfach, níor cheart, i measúnú an údaráis réitigh, tionchar diúltach a bheith ag ***comhlíontacht leis*** an ICDI ***inmheánach*** ar bhonn comhdhlúite ar ***bhealach suntasach ar*** inréiteacht an ghrúpa réitigh	(5) Chun a áirithiú nach mbeidh an deis maidir le ICDI a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite ar fáil ach amháin sna cásanna ábhartha a sainaithníodh san athbhreithniú a rinne an Coimisiún agus nach mbeidh ganntanas acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach ar fud an ghrúpa réitigh mar thoradh ***uirthi***, ba cheart an chumhacht ICDI inmheánach a shocrú ar bhonn comhdhlúite i gcás eintitis idirmheánacha a bheith ina cumhacht lánroghnach de chuid an údaráis réitigh agus ba cheart í a bheith faoi réir coinníollacha áirithe. Ba cheart an t-eintiteas idirmheánach a bheith ar an aon ***fhochuideachta*** dhíreach, ar institiúid nó eintiteas é, de chuid eintiteas réitigh atá ina mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais de chuid an Aontais nó ina mháthairchuideachta sealbhaíochta airgeadais mheasctha de chuid an Aontais, atá bunaithe sa Bhallstát céanna agus atá ina chuid den ghrúpa réitigh céanna. De rogha air sin, ba cheart don eintiteas idirmheánach ***lena mbaineann*** an ceanglas cistí dílse breise nó an ceanglas maoláin chomhcheangailte a chomhlíonadh ar bhonn a staide comhdhlúite. Sa dá chás sin, áfach, níor cheart, i measúnú an údaráis réitigh, tionchar diúltach a bheith ag ***comhlíonadh*** an ICDI ***inmheánaigh*** ar bhonn comhdhlúite ar inréiteacht an ghrúpa réitigh lena mbaineann, ná ar chur i

lena mbaineann, ná ar chur i bhfeidhm na cumhachta, ag an údarás réitigh, ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe de chuid an eintitis idirmheánaigh lena mbaineann nó de chuid eintitis eile atá ina ghrúpa réitigh a dhíluacháil nó a chomhshó.

bhfeidhm na cumhachta, ag an údarás réitigh, ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanais incháilithe de chuid an eintitis idirmheánaigh lena mbaineann nó de chuid eintitis eile atá ina ghrúpa réitigh a dhíluacháil nó a chomhshó. ***Cás amháin ina ndéanfadh socrú ICDI inmheánach ar bhonn comhdhlúite dochar d'inréiteacht an ghrúpa réitigh, is é sin cás nach n-áirithítear le méid an ICDI sin comhlíonadh na gceanglas cistí dílse aonair is infheidhme tar éis fheidhmiú na gcumhachtaí díluachála agus comhshó.***

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh treorach
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) De bhun Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE agus Airteagal 12g(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, féadfaidh eintitis idirmheánacha an ICDI inmheánach comhdhlúite a chomhlíonadh trí chistí dílse agus dliteanais incháilithe a úsáid. Chun a áirithiú go mbeidh an deis ann ICDI a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite, is gá a áirithiú go ndéanfar dliteanais incháilithe eintiteas idirmheánach a ríomh ar bhealach atá cosúil le ríomh na gcistí dílse. Dá bhrí sin, na critéir incháilitheachta le haghaidh dliteanais incháilithe a fhéadfar a úsáid chun ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite, ba cheart iad a ailíniú leis na rialacha maidir le ríomh na gcistí dílse comhdhlúite a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Chun comhsheasmhacht leis na rialacha atá ann cheana maidir leis an ICDI seachtrach a áirithiú, ba cheart an t-ailíniú sin a bheith ina léiriú freisin ar na rialacha atá ann cheana a leagtar síos in Airteagal 45b(3) de Threoir 2014/59/AE agus in Airteagal 12d(3) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014	(6) De bhun Airteagal 45f(2) de Threoir 2014/59/AE agus Airteagal 12g(2) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014, féadfaidh eintitis idirmheánacha an ICDI inmheánach comhdhlúite a chomhlíonadh trí chistí dílse agus dliteanais incháilithe a úsáid. Chun a áirithiú go mbeidh an deis ann ICDI a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite, is gá a áirithiú go ndéanfar dliteanais incháilithe eintiteas idirmheánach a ríomh ar bhealach atá cosúil le ríomh na gcistí dílse. Dá bhrí sin, na critéir incháilitheachta le haghaidh dliteanais incháilithe a fhéadfar a úsáid chun ICDI inmheánach a chomhlíonadh ar bhonn comhdhlúite, ba cheart iad a ailíniú leis na rialacha maidir le ríomh na gcistí dílse comhdhlúite a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Chun comhsheasmhacht leis na rialacha atá ann cheana maidir leis an ICDI seachtrach a áirithiú, ba cheart an t-ailíniú sin a bheith ina léiriú freisin ar na rialacha atá ann cheana a leagtar síos in Airteagal 45b(3) de Threoir 2014/59/AE agus in Airteagal 12d(3) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014

chun dliteanais incháilithe a ***ríomh a*** fhéadfaidh eintitis réitigh a úsáid chun a ICDI comhdhlúite a chomhlíonadh. Go háirithe, maidir le dliteanais incháilithe arna n-eisiúint ag fochuideachtaí an eintitis atá faoi réir ICDI inmheánach comhdhlúite agus atá i seilbh ***eintiteas*** eile de chuid an ghrúpa réitigh chéanna ach atá lasmuigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe***, lena n-áirítear an t-eintiteas réitigh,*** nó atá i seilbh scairshealbhóirí atá ann cheana nach leis an ngrúpa réitigh céanna iad, is gá a áirithiú go gcuirfear iad san áireamh i gcistí dílse agus dliteanais incháilithe an eintitis atá faoi réir ICDI inmheánach comhdhlúite.

maidir le ríomh na ndliteanas incháilithe a fhéadfaidh eintitis réitigh a úsáid chun a ICDI comhdhlúite a chomhlíonadh. Go háirithe, maidir le dliteanais incháilithe arna n-eisiúint ag fochuideachtaí an eintitis atá faoi réir ICDI inmheánach comhdhlúite agus atá i seilbh ***an eintitis réitigh, go díreach nó go hindíreach trí eintitis*** eile de chuid an ghrúpa réitigh chéanna ach atá lasmuigh de raon feidhme an chomhdhlúthaithe nó atá i seilbh scairshealbhóirí atá ann cheana nach leis an ngrúpa réitigh céanna iad, is gá a áirithiú go gcuirfear iad san áireamh i gcistí dílse agus dliteanais incháilithe an eintitis atá faoi réir ICDI inmheánach comhdhlúite.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh treorach
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) ***I gcás eintitis leachtaithe, bíonn*** an ICDI ***teoranta***, ***de ghnáth,*** don mhéid is gá le haghaidh ionsúchán caillteanais, méid a chomhfhreagraíonn do na ceanglais cistí dílse. Sna cásanna sin, ní bhíonn aon cheanglas breise a bhaineann go díreach leis an gcreat réitigh i gceist leis an ICDI don eintiteas leachtaithe. Fágann sé sin gur féidir le heintiteas leachtaithe an ICDI a chomhlíonadh trí na ceanglais cistí dílse a chomhlíonadh agus nach mbíonn cinneadh tiomnaithe ón údarás réitigh lena gcinntear an ICDI ina rannchuidiú ar bhealach fóinteach le hinréiteacht eintiteas leachtaithe. Baineann go leor oibleagáidí nós imeachta le cinneadh den sórt sin d'údaráis réitigh agus do na heintitis leachtaithe, oibleagáidí nach dtagann tairbhe chomhfhreagrach astu ó thaobh inréiteacht fheabhsaithe de. Ar an gcúis sin, níor cheart d'údaráis réitigh ICDI a shocrú le haghaidh eintitis leachtaithe.	(7) ***Faoin gcreat ICDI atá ann faoi láthair, socraítear*** an ICDI ***le haghaidh eintitis atá curtha in áirithe lena leachtú***, ***i bhformhór na gcásanna,*** don mhéid is gá le haghaidh ionsúchán caillteanais, méid a chomhfhreagraíonn do na ceanglais cistí dílse. Sna cásanna sin, ní bhíonn aon cheanglas breise a bhaineann go díreach leis an gcreat réitigh i gceist leis an ICDI don eintiteas leachtaithe. Fágann sé sin gur féidir le heintiteas leachtaithe an ICDI a chomhlíonadh ***go hiomlán*** trí na ceanglais cistí dílse a chomhlíonadh agus nach mbíonn cinneadh tiomnaithe ón údarás réitigh lena gcinntear an ICDI ina rannchuidiú ar bhealach fóinteach le hinréiteacht eintiteas leachtaithe. Baineann go leor oibleagáidí nós imeachta le cinneadh den sórt sin d'údaráis réitigh agus do na heintitis leachtaithe, oibleagáidí nach dtagann tairbhe chomhfhreagrach astu ó thaobh inréiteacht fheabhsaithe de. Ar an gcúis sin, níor cheart d'údaráis réitigh ICDI

a shocrú le haghaidh eintitis leachtaithe.

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh treorach
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) ***I gcás ina measann an t-údarás*** réitigh go gcáilíonn ***eintiteas atá ina chuid de ghrúpa réitigh*** mar eintiteas leachtaithe, ***níor*** cheart ***a cheangal*** ar eintitis idirmheánacha a sealúchais cistí dílse ***nó dliteanas eile*** a asbhaint óna n-acmhainneacht i dtaca le ICDI inmheánach, ar ***sealúchais*** iad a chomhlíonfadh na coinníollacha maidir le ***comhlíontacht leis*** an ICDI ***inmheánach agus arna n-eisiúint ag eintitis leachtaithe***. I gcás ***den sórt sin, ní cheanglaítear a thuilleadh ar an eintiteas leachtaithe an ICDI a chomhlíonadh agus, dá bhrí sin, ní dhéantar acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach a shuibscríobh go hindíreach tríd an slabhra a bhunaigh an t-eintiteas réitigh, an t-eintiteas idirmheánach agus an t-eintiteas leachtaithe. I gcás*** teipe, níl sé beartaithe sa straitéis réitigh go ***dtacódh*** an t-eintiteas réitigh ***leis an eintiteas*** leachtaithe. Fágann sé sin nach mbeadh coinne leis go ndéanfaí caillteanais a réamhtheachtú ón eintiteas leachtaithe chuig an eintiteas réitigh, tríd an eintiteas idirmheánach, ná go ndéanfaí caipiteal a iartheachtú an treo eile. Dá bhrí sin, an coigeartú sin ar raon feidhme na sealúchas atá le hasbhaint i gcomhthéacs shuibscríobh indíreach na n-acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach, ní dhéanfadh sé difear d'fhóntacht stuamachta an chreata.	(8) ***Agus pleananna*** réitigh ***á n-ullmhú agus inréiteacht grúpaí réitigh á measúnú, is féidir le húdaráis réitigh a mheas*** go gcáilíonn ***grúpeintiteas*** mar eintiteas leachtaithe ***mar nach bhfuil feidhmiú na gcumhachtaí díluachála agus comhshó beartaithe i ndáil leis an eintiteas sin. I gcás inarb amhlaidh***, ***d'fhéadfadh sé nach mbeadh ar an ngrúpeintiteas cistí dílse agus dliteanais incháilithe a bheith ina seilbh aige, ar cistí dílse agus dliteanais incháilithe iad atá níos mó ná a cheanglais cistí dílse. Sna himthosca sin, ba*** cheart ***go gceanglófaí*** ar eintitis idirmheánacha a sealúchais cistí dílse ***arna n-eisiúint ag eintitis leachtaithe nach bhfuil faoi réir chinneadh ICDI*** a asbhaint óna n-acmhainneacht i dtaca le ICDI inmheánach***. Níor cheart go gceanglófaí orthu***, ***áfach, dliteanais a asbhaint,*** ar ***dliteanais*** iad a chomhlíonfadh na coinníollacha maidir le ***comhlíonadh*** an ICDI ***inmheánaigh***. I gcás teipe, níl sé beartaithe sa straitéis réitigh go ***ndéanfadh*** an t-eintiteas réitigh ***an t-eintiteas*** leachtaithe ***a athchaipitliú***. Fágann sé sin nach mbeadh coinne leis go ndéanfaí caillteanais ***atá níos mó ná na ceanglais cistí dílse atá ann cheana*** a réamhtheachtú ón eintiteas leachtaithe chuig an eintiteas réitigh, tríd an eintiteas idirmheánach, ná go ndéanfaí caipiteal a iartheachtú an treo eile. Dá bhrí sin, an coigeartú sin ar raon feidhme na sealúchas atá le hasbhaint i gcomhthéacs shuibscríobh indíreach na n-acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach, ní dhéanfadh sé difear

d'fhóntacht stuamachta an chreata.

Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh treorach
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) Is é príomhchuspóir an chórais réamhcheadaithe chun laghdú a dhéanamh ar ionstraimí dliteanas incháilithe a leagtar síos in Airteagail 77(2) agus 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, córas is infheidhme freisin maidir le hinstitiúidí agus eintitis atá faoi réir an ICDI agus maidir leis na dliteanais a eisítear chun ICDI a chomhlíonadh, é a chur ar a gcumas do na húdaráis réitigh faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí as a dtagann laghdú ar an stoc dliteanas incháilithe agus toirmeasc a chur ar aon ghníomhaíocht as a dtiocfadh laghdú thar leibhéal a mheasann na húdaráis réitigh a bheith leordhóthanach. I gcás nár ghlac an t-údarás réitigh cinneadh lena gcinntear an ICDI i leith institiúide nó eintitis, ní bhaineann an cuspóir sin le hábhar. ***Thairis sin, i gcás institiúidí nó eintitis nach bhfuil faoi réir cinneadh lena gcinntear an ICDI, ní bhíonn dliteanais incháilithe acu ar a gclár comhardaithe.*** Dá bhrí sin, níor cheart ceangal a bheith ar institiúidí ná ar eintitis nár glacadh aon chinneadh ina leith lena gcinntear an ICDI cead a fháil roimh ré ón údarás réitigh chun ***éifeacht a thabhairt do*** cheannach, ***fuascailt***, aisíoc nó athcheannach ***dliteanas*** lena gcomhlíonfaí na ceanglais incháilitheachta le haghaidh ICDI.	(9) Is é príomhchuspóir an chórais réamhcheadaithe chun laghdú a dhéanamh ar ionstraimí dliteanas incháilithe a leagtar síos in Airteagail 77(2) agus 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, córas is infheidhme freisin maidir le hinstitiúidí agus eintitis atá faoi réir an ICDI agus maidir leis na dliteanais a eisítear chun ICDI a chomhlíonadh, é a chur ar a gcumas do na húdaráis réitigh faireachán a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí as a dtagann laghdú ar an stoc dliteanas incháilithe agus toirmeasc a chur ar aon ghníomhaíocht as a dtiocfadh laghdú thar leibhéal a mheasann na húdaráis réitigh a bheith leordhóthanach. I gcás nár ghlac an t-údarás réitigh cinneadh lena gcinntear an ICDI i leith institiúide nó eintitis, ní bhaineann an cuspóir sin le hábhar. Dá bhrí sin, níor cheart ceangal a bheith ar institiúidí ná ar eintitis nár glacadh aon chinneadh ina leith lena gcinntear an ICDI cead a fháil roimh ré ón údarás réitigh chun ***dliteanais a*** cheannach, ***a fhuascailt***, ***a*** aisíoc nó ***a*** athcheannach***, ar dliteanais iad*** lena gcomhlíonfaí na ceanglais incháilitheachta le haghaidh ICDI.

Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh treorach
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Tá eintitis leachtaithe ann ***a sáraíonn an ICDI méid a gceanglas cistí dílse agus, ina gcás sin, ba*** cheart ***na húdaráis réitigh a bheith in ann*** an ICDI a ***shocrú. Ba cheart an ICDI sin a shocrú ag méid is*** mó ná an méid le haghaidh ionsúchán caillteanais i gcás ina measann na húdaráis réitigh go bhfuil gá leis an méid sin chun an chobhsaíocht airgeadais a chosaint nó chun aghaidh a thabhairt ar an riosca tógálachta don chóras airgeadais. Sna cásanna sin, ba cheart don eintiteas leachtaithe an ICDI a chomhlíonadh agus níor cheart é a dhíolmhú ón gcóras réamhcheadaithe a leagtar síos in ***Airteagal*** 77(2) agus 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Maidir le haon eintiteas idirmheánach a bhaineann leis an ngrúpa réitigh céanna leis an eintiteas leachtaithe lena mbaineann, ba cheart ***a cheangal*** orthu fós a sealúchais d'acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna n-eisiúint ag an eintiteas leachtaithe sin a asbhaint óna n-acmhainneacht i dtaca le ICDI inmheánach. Ina theannta sin, ós rud é go dtarlaíonn imeachtaí leachtaithe ar leibhéal an eintitis dhlítheanaigh, ba cheart d'eintitis leachtaithe atá fós faoi réir ICDI an ceanglas a chomhlíonadh ar bhonn aonair amháin. Ar deireadh, maidir le ceanglais incháilitheachta áirithe a bhaineann le húinéireacht an dliteanais lena mbaineann, ní bhaineann siad le hábhartha toisc nach ***gá aistriú caillteanas agus caipitil ón*** eintiteas ***leachtaithe chuig eintiteas*** réitigh a ***áirithiú*** agus, dá bhrí sin, níor cheart feidhm a bheith acu.	(10) Tá eintitis leachtaithe ann ***ar*** cheart an ICDI a ***bheith níos*** mó ná an méid le haghaidh ionsúchán caillteanais ***ina leith. Is amhlaidh atá*** i gcás ina measann na húdaráis réitigh go bhfuil gá leis an méid ***níos airde*** sin chun an chobhsaíocht airgeadais a chosaint nó chun aghaidh a thabhairt ar an riosca tógálachta don chóras airgeadais. Sna cásanna sin, ba cheart ***do na húdaráis réitigh ICDI a chinneadh le haghaidh eintiteas leachtaithe arb éard a bheidh ann méid is leordhóthanach chun caillteanais a ionsú móide an méid is gá chun aghaidh a thabhairt i gceart ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann arna sainaithint ag na húdaráis réitigh. Ba cheart*** don eintiteas leachtaithe an ICDI a chomhlíonadh agus níor cheart é a dhíolmhú ón gcóras réamhcheadaithe a leagtar síos in ***Airteagail*** 77(2) agus 78a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013. Maidir le haon eintiteas idirmheánach a bhaineann leis an ngrúpa réitigh céanna leis an eintiteas leachtaithe lena mbaineann, ba cheart ***go gceanglófaí*** orthu fós a sealúchais d'acmhainní atá incháilithe i dtaca le ICDI inmheánach arna n-eisiúint ag an eintiteas leachtaithe sin a asbhaint óna n-acmhainneacht i dtaca le ICDI inmheánach. Ina theannta sin, ós rud é go dtarlaíonn imeachtaí leachtaithe ar leibhéal an eintitis dhlítheanaigh, ba cheart d'eintitis leachtaithe atá fós faoi réir ICDI an ceanglas a chomhlíonadh ar bhonn aonair amháin. Ar deireadh, maidir le ceanglais incháilitheachta áirithe a bhaineann le húinéireacht an dliteanais lena mbaineann, ní bhaineann siad le hábhartha toisc nach ***mbeadh aon ghá rialú ag an*** eintiteas réitigh ***ar an bhfochuideachta*** a ***chaomhnú gan feidhmiú na gcumhachtaí díluachála*** agus ***comhshó agus***, dá bhrí

sin, níor cheart feidhm a bheith acu.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh treorach
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) Ós rud é nach féidir cuspóirí na Treorach seo, mar atá coigeartú a dhéanamh ar láimhseáil na n-eintiteas leachtaithe faoin gcreat ICDI agus ***ar na deiseanna maidir leis*** an ICDI inmheánach a ***chomhlíonadh*** ar bhonn comhdhlúite, a bhaint amach go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát, ach gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, trí rialacha atá socraithe cheana ar leibhéal an Aontais a leasú, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,	(14) Ós rud é nach féidir cuspóirí na Treorach seo, mar atá coigeartú a dhéanamh ar láimhseáil na n-eintiteas leachtaithe faoin gcreat ICDI agus an ***deis a bheith ag údaráis réitigh*** ICDI inmheánach a ***chinneadh*** ar bhonn comhdhlúite, a bhaint amach go leordhóthanach ar leibhéal na mBallstát, ach gur fearr is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Aontais, trí rialacha atá socraithe cheana ar leibhéal an Aontais a leasú, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Treoir seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú,

Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1
Treoir 2014/59/AE
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 83aa

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(83aa) ciallaíonn 'eintiteas leachtaithe' duine dlítheanach atá bunaithe san Aontas dá bhforáiltear ina leith sa phlean réitigh grúpa nó, i gcás eintitis nach cuid de ghrúpa iad, sa phlean réitigh, go ndéanfar an t-eintiteas a fhoirceannadh ***ar bhealach***	(83aa) ciallaíonn 'eintiteas leachtaithe' duine dlítheanach atá bunaithe san Aontas dá bhforáiltear ina leith sa phlean réitigh grúpa nó, i gcás eintitis nach cuid de ghrúpa iad, sa phlean réitigh, go ndéanfar an t-eintiteas a fhoirceannadh ***faoi***

ordúil i gcomhréir leis an ***dlí náisiúnta is infheidhme;;***

ghnáthimeachtaí dócmhainneachta nó nach bhforáiltear ann d'fheidhmiú na gcumhachtaí díluachála agus comhshó i ndáil leis an ***eintiteas sin;***

Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b
Treoir 2014/59/AE
Airteagal 45c – mír 2a – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ***agus i gcás inar gá chun na cuspóirí maidir le cobhsaíocht airgeadais a chosaint nó tógálacht a d'fhéadfadh a bheith ann don chóras airgeadais a theorannú, féadfaidh na húdaráis réitigh an ceanglas*** dá dtagraítear in Airteagal 45(1) a chinneadh ***i gcásanna eisceachtúla d'***eintitis leachtaithe ar bhonn aonair ag an méid is leordhóthanach chun caillteanais a ionsú i gcomhréir le mír 2, pointe (a), den Airteagal seo, ***arna mhéadú go dtí an méid is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach***. Sna cásanna sin, comhlíonfaidh eintitis leachtaithe an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) trí úsáid a bhaint as ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:	De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ***déanfaidh an t-údarás réitigh measúnú i dtaobh an bhfuil bonn cirt leis an gceanglas*** dá dtagraítear in Airteagal 45(1) a chinneadh ***le haghaidh*** eintitis leachtaithe ar bhonn aonair ag ***méid atá níos mó ná*** an méid is leordhóthanach chun caillteanais a ionsú i gcomhréir le mír 2, pointe (a), den Airteagal seo***. Sa mheasúnú a dhéanfaidh an t-údarás réitigh***, ***breithneofar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca mhainneachtain an eintitis leachtaithe lena mbaineann agus cuirfear san áireamh ann, go háirithe, aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an gcobhsaíocht airgeadais agus ar an riosca tógálachta don chóras airgeadais***. Sna cásanna sin, comhlíonfaidh eintitis leachtaithe an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) trí úsáid a bhaint as ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b
Treoir 2014/59/AE
Airteagal 45c – mír 2a – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le sealúchais ionstraimí cistí dílse ***nó dliteanas*** arna n-eisiúint ag fochuideachtaí ar eintitis leachtaithe iad nár chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) ina leith, ní dhéanfar iad a asbhaint faoi Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**.**;	Maidir le sealúchais ***dliteanas nach gcáilíonn mar*** ionstraimí cistí dílse arna n-eisiúint ag fochuideachtaí ar eintitis leachtaithe iad nár chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 45(1) ina leith, ní dhéanfar iad a asbhaint faoi Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Treoir 2014/59/AE
Airteagal 45f – mír 1 – fomhír 3a – pointe a – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) tá an fhochuideachta faoi réir an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ***nó faoi réir an cheanglais maoláin chomhcheangailte*** ar bhonn comhdhlúite;	(ii) tá an fhochuideachta faoi réir an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ar bhonn comhdhlúite ***amháin***;

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Treoir 2014/59/AE
Airteagal 45f – mír 1 – fomhír 3a – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ní dhéantar difear diúltach ***ar bhealach suntasach*** d'inréiteacht an ghrúpa réitigh mar gheall ar ***chomhlíontacht leis an gceanglas*** a leagtar síos in Airteagal 45c ar bhonn comhdhlúite, ná do dhíluacháil ná comhshó, i gcomhréir le hAirteagal 59, ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanas incháilithe de chuid na fochuideachta lena	(b) ní dhéantar difear diúltach d'inréiteacht an ghrúpa réitigh mar gheall ar ***chomhlíonadh an cheanglais*** a leagtar síos in Airteagal 45c ar bhonn comhdhlúite, ná do dhíluacháil ná comhshó, i gcomhréir le hAirteagal 59, ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanas incháilithe de chuid na fochuideachta lena mbaineann nó ***eintitis*** eile sa ghrúpa

mbaineann nó ***eintiteas*** eile sa ghrúpa réitigh ***céanna.***;	réitigh;

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe b
Rialachán (AE) Uimh. 806/2014
Airteagal 12d – mír 2a – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ***agus i gcás inar gá chun na cuspóirí maidir le cobhsaíocht airgeadais a chosaint nó tógálacht a d'fhéadfadh a bheith ann don chóras airgeadais a theorannú, féadfaidh*** an Bord an ***ceanglas*** dá dtagraítear in Airteagal ***12a***(1) a chinneadh ***i gcásanna eisceachtúla d'***eintitis leachtaithe ar bhonn aonair ag an méid is leordhóthanach chun caillteanais a ionsú i gcomhréir le mír 2, pointe (a), den Airteagal seo, ***arna mhéadú go dtí an méid is gá chun na cuspóirí sin a bhaint amach***. Sna cásanna sin, comhlíonfaidh eintitis leachtaithe an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) trí úsáid a bhaint as ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:	De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ***déanfaidh*** an Bord ***measúnú i dtaobh*** an ***bhfuil bonn cirt leis an gceanglas*** dá dtagraítear in Airteagal ***2a***(1) a chinneadh ***le haghaidh*** eintitis leachtaithe ar bhonn aonair ag ***méid atá níos mó ná*** an méid is leordhóthanach chun caillteanais a ionsú i gcomhréir le mír 2, pointe (a), den Airteagal seo***. Sa mheasúnú a dhéanfaidh an Bord***, ***breithneofar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann de dheasca mhainneachtain an eintitis leachtaithe lena mbaineann agus cuirfear san áireamh ann, go háirithe, aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar an gcobhsaíocht airgeadais agus ar an riosca tógálachta don chóras airgeadais***. Sna cásanna sin, comhlíonfaidh eintitis leachtaithe an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) trí úsáid a bhaint as ceann amháin nó níos mó de na nithe seo a leanas:

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 2 – pointe b
Rialachán (AE) Uimh. 806/2014
Airteagal 12d – mír 2a – fomhír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Maidir le sealúchais ionstraimí cistí dílse ***nó dliteanas*** arna n-eisiúint ag	Maidir le sealúchais ***dliteanas nach gcáilíonn mar*** ionstraimí cistí dílse arna n-

fochuideachtaí ar eintitis leachtaithe iad nár chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ina leith, ní dhéanfar iad a asbhaint faoi Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013**.**;	eisiúint ag fochuideachtaí ar eintitis leachtaithe iad nár chinn an t-údarás réitigh an ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 12a(1) ina leith, ní dhéanfar iad a asbhaint faoi Airteagal 72e(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Rialachán (AE) Uimh. 806/2014
Airteagal 12g – mír 1 – fomhír 3a – pointe a – pointe ii

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(ii) tá an fhochuideachta faoi réir an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ***nó faoi réir an cheanglais maoláin chomhcheangailte*** ar bhonn comhdhlúite;	(ii) tá an fhochuideachta faoi réir an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal 104a de Threoir 2013/36/AE ar bhonn comhdhlúite ***amháin***;

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe a
Rialachán (AE) Uimh. 806/2014
Airteagal 12g – mír 1 – fomhír 3a – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) ní dhéantar difear diúltach ***ar bhealach suntasach*** d'inréiteacht an ghrúpa réitigh mar gheall ar ***chomhlíontacht leis an gceanglas*** a leagtar síos in Airteagal 12d ar bhonn comhdhlúite, ná do dhíluacháil ná comhshó, i gcomhréir le hAirteagal 21, ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanas incháilithe de chuid na hinstitiúide nó na fochuideachta lena mbaineann nó ***eintiteas*** eile sa ghrúpa réitigh céanna**.**;	(b) ní dhéantar difear diúltach d'inréiteacht an ghrúpa réitigh mar gheall ar ***chomhlíonadh an cheanglais*** a leagtar síos in Airteagal 12d ar bhonn comhdhlúite, ná do dhíluacháil ná comhshó, i gcomhréir le hAirteagal 21, ionstraimí caipitil ábhartha agus dliteanas incháilithe de chuid na hinstitiúide nó na fochuideachta lena mbaineann nó ***eintitis*** eile sa ghrúpa réitigh céanna;

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh treorach
Airteagal 2 – mír 1 – pointe 3 – pointe b
Rialachán (AE) Uimh. 806/2014
Airteagal 12g – mír 2a – fomhír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Na dliteanais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), ní bheidh siad níos mó ná an méid a chinnfear trí shuim na nithe uile seo a leanas a bhaint ó mhéid an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal ***45***(1) is infheidhme maidir leis an bhfochuideachta a áirítear sa chomhdhlúthú:	Na dliteanais dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), ní bheidh siad níos mó ná an méid a chinnfear trí shuim na nithe uile seo a leanas a bhaint ó mhéid an cheanglais dá dtagraítear in Airteagal ***12***(1) is infheidhme maidir leis an bhfochuideachta a áirítear sa chomhdhlúthú:

Or. en